

LIATHBRÁS

Carraig maidhme ata sa liathbrás. Triomuigheann an mullach le tráigh rabharta móir. Mangacha in aice leathracha.

Tá an fhairrge ag dul a' cáthadh le beagán gaoithe. An bád a'déanamh an-ghearradh tríd an bhfairrge nuair a bhíos sí ag seoladh go maith. Ag tornáil nó ag seoladh cois gaoithe sin é an t-am is mó a gcáthfaidh sí. Nuair a bhíos sí ag imtheacht le cóir tá sí féin agus an fhairrge ag imtheacht ar aon bhealach amháin agus ní dhéanfaidh sí aon cháitheadh.

Nuair a bhíos bád a' tornáil bíonn sí ag dul in agaidh na fairrge. Is beag nach bhfuil sí ag dul díreach in aghaidh na fairrge ach go bhfuil leiceann beag aice leis an seol a choinneál leis an ngaoith.

Nuair a bhíos an bád ag dul síos aníos agus an fhairrge dá bualadh ins na pluic tagann fairrge cháidhte isteach.

Ina chalm liath – nuair nach bhfuil fhios agat cén taobh a bhfuil an ghaoth. Is ionann cóir is calm (ní dhéanfaidh cóir aon dochar).

Deilbh – tornáil

Bad a dul siar 's aniar tá an-deilbh fúithe.

Idir an tanaidhe 's an t-aighne – ní fhéadfa tú dul anonn ná anall ach díreach.

An-chóir

Tá sgód go sgríúta aice. Na sgríútaí na téadracha a thagas anuas as an gcrann dá choinneál láidir. Ag jibeáil ó sgríúta go sgríúta, is minic a báthadh bád mar sin. Nuair atá an ghaoth a'rith díreach i ndiaidh an bháid, b'fhéidir go gcuirfeadh an chóir an seol trasna ó thaobh go taobh eile mar tá an taobh fúithe chomh maith leis an taobh os a cionn. Is minic a báthadh bád leis an jibeáil sin.

Jibeáil – an bád a chur thart gan an bád a chasadh.

Seithí bó ar leapacha

Bhí seanathair Sheosamh Uí Mhongáin agus fear Sabina McDonagh ag foghlaim saorsachta in éinfheacht in Acaill. Seithí bó os cionn pluide a bhíodh ortha san oidhche.